**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0204/2021**

18.6.2021

# ***II
# MOLADH DON DARA LÉAMH

ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe
(06168/1/2021 – C9-0194/2021 – 2018/0197(COD))

An Coiste um Fhorbairt Réigiúnach

Rapóirtéir: Andrea Cozzolino



*Aontaithe san éagsúlacht*

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**


DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÉASÚNÚ GEARR ..................................................................................................................6

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH .....................................................................11

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........12

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d’fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe (06168/1/2021 – C9-0194/2021 – 2018/0197(COD))**
**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (06168/1/2021 - C9 - 0194/2021),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 17 Deireadh Fómhair 2018[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 5 Nollaig 2018[2],

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[3] ar an togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2018)0372),

– ag féachaint don togra leasaithe ón gCoimisiúin (COM(2020)0452),

– ag féachaint d’Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (A9-0204/2021),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir le seasamh na Comhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

4. á threorú dá hArdrúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArdrúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an

---

[1] IO C 62, 15.2.2019, lch. 90.
[2] IO C 86, 7.3.2019, lch. 115.
[3] IO C 108, 26.3.2021, lch. 566.

gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

## RÉASÚNÚ GEARR

**1. Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe**

Is i gcoincheap an chomhair shíochánta idir daoine éagsúla ar an leibhéal domhanda, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus dlúthpháirtíocht idir réigiúin éagsúla AE a chur chun cinn atá bunús an Aontais Eorpaigh fréamhaithe.

Ní mór na spriocanna sin a shaothrú tríd an mbeartas comhtháthaithe, an príomhbheartas le haghaidh infheistíocht AE i bhfás agus i bhfostaíocht, chun éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú agus chun an bhearna idir saoránaigh agus réigiúin AE, agus an tionscadal Eorpach, a dhúnadh.

Mar gheall ar an saobhadh a tháinig chun cinn tar éis na ngéarchéimeanna airgeadais, tá na tascanna sin níos deacra ós rud é go bhfuil méadú tagtha ar na neamhionannais idir réigiúin, in ainneoin go bhfuil laghdú tagtha ar neamhionannais idir na Ballstáit le linn na tréimhse céanna. Is ar an gcúis sin nár cheart go lagófaí bunaidhm chomhtháthú AE mar gheall ar oibleagáidí buiséid an Aontais ná oibleagáidí buiséid náisiúnta, ná iarmhairtí imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas (‘Brexit’), ná iarmhairtí drámatúla na héigeandála aeráide agus phaindéim COVID-19.

**2. An togra ón gCoimisiún**

Le foilsiú thogra Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Chiste Chomhtháthaithe (CFRE-CC) an 29 Bealtaine agus le cur i láthair ón gCoimisiún in REGI an 20 Meitheamh, cuireadh tús le hobair reachtach PE ar an gcomhad seo.

Tá na rialacha ginearálta lena rialaítear an Beartas Comhtháthaithe tar éis 2020 leagtha amach i Rialachán na bhForálacha Coiteanna (CPR). Déantar na forálacha sonracha is infheidhme maidir le CFRE agus leis an gCiste Comhtháthaithe a mhionsonrú i dtogra ar leith, lena n-áirítear:

- liosta de chuspóirí sonracha a gheobhaidh tacaíocht ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe;
- an díriú téamach;
- eisiamh na tacaíochta ó CFRE agus ó CC;
- forálacha sonracha maidir le láimhseáil gnéithe críche ar leith; agus
- liosta táscairí a bheidh le bailiú agus le tarchur ag na húdaráis bhainistíochta;

An 28 Bealtaine 2020, thíolaic an Coimisiún Eorpach roinnt leasuithe spriocdhírithe ar thogra 2021-2027 CFRE-CC. Is é is aidhm do na leasuithe sin téarnamh pras inbhuanaithe gheilleagar an Aontais a áirithiú tar éis phaindéim COVID-19 agus dírítear leo ar na hearnálacha is mó atá

thíos leis an ngéarchéim chun teacht ar rialáil atá oiriúnach do COVID-19 lena n-áirítear don chultúr, don turasóireacht inbhuanaithe, don digiteáil agus don athléimneacht sna córais sláinte poiblí lena dtugtar isteach sásra solúbtha ag an am céanna, lena gceadófaí maoluithe speisialta i gcás ina dtiocfadh imthosca eisceachtúla den sórt sin chun cinn sa todhchaí.

**3. Caibidlíocht idirinstitiúideach**

Tar éis ghlacadh sheasamh Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh an 4 Aibreán 2019, tionóladh caibidlíochtaí idirinstitiúideacha (a bhí dírithe ar luath-chomhaontú ar an dara léamh) ó mhí Mheán Fómhair 2019 go dtí mí Feabhra 2021, faoi Uachtaránachtaí na Fionlainne, na Cróite, na Gearmáine agus na Portaingéile ar an gComhairle. Tar éis sé bhabhta de chruinnithe tríthaobhacha, tháinig foireann caibidlíochta na Parlaiminte ar chomhaontú sealadach le hUachtaránacht na Comhairle le linn an chruinnithe thrípháirtigh dheireanaigh an 9 Feabhra 2021.

Cuireadh téacs an chomhaontaithe shealadaigh faoi bhráid an Choiste um Fhorbairt Réigiúnach (REGI) agus deimhníodh é an 16 Márta 2021. Bunaithe ar fhormheas an Choiste, chuir Cathaoirleach Choiste REGI in iúl ina litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe (COREPER I), go molfadh sé don Seisiún Iomlánach seasamh na Comhairle a fhormheas gan leasuithe, ar choinníoll go bhfuil sé i gcomhréir leis an gcomhaontú sealadach ar thángthas air idir an dá institiúid. Tar éis fíorú dlítheangeolaíoch a dhéanamh, ghlac an Chomhairle a seasamh go foirmiúil (trí nós imeachta i scríbhinn) an 2 Meitheamh 2021 i gcomhréir leis an gcomhaontú sealadach.

**4. Príomhghnéithe an chomhaontaithe**

Leis an gcomhaontú foriomlán ar ar tháinig an Pharlaimint leis an gComhairle, rinneadh raon feidhme na tacaíochta don dá chiste, arb ionann iad agus thart ar an gceathrú cuid den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) do na blianta 2021 go 2027, a neartú tuilleadh.
Baineadh amach an méid seo a leanas go háirithe:

*Cúraimí CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe*

Mhol an Pharlaimint an tAirteagal nua seo a chur isteach chun a athdhearbhú a thábhachtaí atá rannchuidiú CFRE chun an bhearna a laghdú idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil agus a mhéid atá na réigiúin is mídheisiúla chun deiridh, go háirithe i réimse an chomhshaoil i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus i réimse an bhonneagair thras-Eorpaigh iompair.

*Cuspóirí sonracha don CFRE agus don Chiste Comhtháthaithe*

Is iad na hathruithe is mó a comhaontaíodh leis an gComhairle an nascacht dhigiteach a athrú ó Chuspóir Beartais 3 go Cuspóir Beartais 1 agus an tsoghluaisteacht ilmhódúil inbhuanaithe ó Chuspóir Beartais 3 go Cuspóir Beartais 2. Feabhas tábhachtach eile is ea turasóireacht inbhuanaithe a áireamh i raon feidhme idirghabhála CFRE.

*An díriú téamach*

Thángthas ar chomhaontú maidir le díriú téamach íosta de 50 % do chuspóir Beartais 1 do réigiúin níos forbartha a scriosadh.

Thángthas ar chomhaontú freisin chun a cheadú do na Ballstáit leithdháileadh do chuspóir Beartais 2 a chur san áireamh, eadhon níos mó ná 50 % d'acmhainní iomlána an Chiste Chomhtháthaithe agus comhlíonadh na gceanglas um dhíriú téamach á ríomh, agus comhaireamh dúbailte na n-infheistíochtaí ar shoghluaisteacht ilmhódach uirbeach á gcur as an áireamh ag an am céanna. Comhaontaíodh freisin go bhfuil sé d'aidhm ag cuspóir beartais 2 sprioc íosta caiteachais de 30 % ar a laghad a bhaint amach sa réimse amhail gníomhú ar son na haeráide agus an geilleagar ciorclach agus le béim ar leith ar chaiteachas ar bhithéagsúlacht suas le 10 %.

*Raon feidhme na tacaíochta ó CFRE*

Chomh maith leis na hinfheistíochtaí i mbonneagar, tacóidh CFRE le hinfheistíochtaí táirgiúla in FBManna agus le hinfheistíochtaí arb é is aidhm dóibh fás inbhuanaithe a bhaint amach, poist atá ann cheana a chosaint agus poist nua a chruthú.
Ina theannta sin, beifear in ann tacú le hinfheistíochtaí i bhfiontair seachas FBManna nuair a bhíonn comhar le FBManna i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus nuair a thacaíonn siad go príomha le bearta i réimse an fhuinnimh, agus go háirithe i réimse an fhuinnimh in-athnuaite.

*Eisiamh ó raon feidhme CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe*

Ceann de na príomh-shaincheisteanna a bhí faoi phlé ba ea eisiamh breoslaí iontaise. Foráiltear sa chomhaontú nach dtacóidh CFRE ná an Ciste Comhtháthaithe le hinfheistíocht a bhaineann le táirgeadh, próiseáil, iompar, dáileadh, stóráil nó dóchán breoslaí iontaise faoi na heisceachtaí seo a leanas:

1. córais téimh gásadhainte a chur in ionad córais téimh arna n-adhaint le breoslaí iontaise soladacha, eadhon gual, móin, lignít, scealla ola;
2. infheistíocht i líonraí tarchurtha agus dáilte gáis a mhéadú, a thiontú nó a iarfheistiú nó a gcuspóir a athrú ar choinníoll go mbeidh na líonraí ullamh chun gáis inathnuaite ísealcharbóin, amhail hidrigin, bithmheatán agus gás sintéise, a chur leis an gcóras a bhuí leis an infheistíocht sin agus go mbeifear in ann suiteálacha eile a chur in ionad suiteálacha breoslaí iontaise soladacha;
3. infheistíocht i bhfeithiclí glana chun críoch an phobail, agus feithiclí, aerárthaí agus soithí a dheartar agus a thógtar nó a oiriúnaítear lena n-úsáid ag seirbhísí cosanta sibhialta agus ag seirbhísí dóiteáin.

Bunaíodh teorainneacha maidir le leithdháileadh i leith na n-eisceachtaí dá dtagraítear thuas i gcomaoin OIN per capita agus an sciar de bhreoslaí iontaise soladacha in olltomhaltas fuinnimh intíre de réir Ballstáit agus de réir teorainn ama fhoriomlán faoin 31 Nollaig 2025

*Tacaíocht do limistéir faoi mhíbhuntáiste*

Ghlac an Chomhairle le dearcadh na Parlaiminte go mbeadh Airteagal tiomnaithe do réigiúin

agus do limistéir faoi mhíbhuntáiste, go háirithe limistéir thuaithe agus limistéir a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu amhail meath ar an daonra, i gcomhréir le hAirteagal 174 CFAE.

*Forbairt inbhuanaithe uirbeach agus spriocanna comhshaoil*

Tacóidh CFRE le straitéisí atá dírithe ar limistéir uirbeacha, lena n-áirítear limistéir uirbeacha feidhme. Ardaíodh an sprioc chaiteachais le haghaidh forbairt uirbeach inbhuanaithe ó 6 % go 8 %. Tabharfar aird ar leith ar dhul i ngleic le dúshláin chomhshaoil agus éigeandáil aeráide, go háirithe an t-aistriú i dtreo geilleagair atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050 agus a mbeidh spriocanna aeráide AE aige faoi 2030 chun stoc foirgneamh dícharbónaithe a bhaint amach faoi 2050, an tomhaltas fuinnimh a laghdú agus coigilteas a chruthú do theaghlaigh atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh.

Tacóidh CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe le gníomhaíochtaí a urramaíonn caighdeáin agus tosaíochtaí aeráide, bithéagsúlachta agus comhshaoil an Aontais agus nach ndéanann dochar suntasach do na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach sa rialachán Tacsanomaíochta maidir le maoiniú inbhuanaithe. Urramaíonn sé oibleagáidí Chomhaontú Pháras agus rannchuidíonn sé le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe mar chuid d'uaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais na hEorpa. Urramaíonn infheistíochtaí i réimse na dramhaíola prionsabail an gheilleagair chiorclaigh.

*An ghné shóisialta agus an comhionannas a neartú*

Beidh CFRE ar fáil chun rannchuidiú le spriocanna Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, tithíocht shóisialta do theaghlaigh ar ioncam íseal agus le haghaidh bearta imeasctha trí chur chuige a ghlacadh atá dírithe ar dhínit agus cearta náisiúnach tríú tíortha agus imirceach agus ar chuimsiú na Romach a chosaint. Tá sé beartaithe go mbeidh comhionannas inscne ann freisin, lena n-áirítear an aidhm atá aige cothromaíocht inscne a bhaint amach do ghrúpaí saineolaithe.

*Bearta sealadacha chun freagairt d'imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha*

Thángthas ar chomhaontú chun cur le ról na Parlaiminte sa nós imeachta maidir le bearta sealadacha a ghlacadh chun freagairt d'imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha trí thacú le maoiniú caipitil oibre in FBManna.

*Foirm lag den 'riail óir'*

Faoi chreat rialacha ábhartha an Chomhshocruithe Cobhsaíochta agus Fáis, féadfaidh na Ballstáit iarraidh chuí-réasúnaithe a dhéanamh ar sholúbthacht bhreise don chaiteachas poiblí nó struchtúrach comhionann, lena dtacaíonn an riarachán poiblí trí bhíthin cómhaoiniú ar infheistíochtaí arna ngníomhachtú mar chuid de CFRE agus den Chiste Comhtháthaithe, agus déanfaidh an Coimisiún an t-iarratas seo a mheas.

**5. Moladh**

Tá an Rapóirtéir den tuairim go léirítear toradh cothrom leis an gcomhréiteach ar thángthas air. Ós rud é go bhfuil an seasamh ón gComhairle i gcomhréir leis an gcomhaontú sealadach a tugadh chun críche le linn na caibidlíochta idirinstitiúidí, molann an Rapóirtéir é a fhormheas

gan leasuithe.

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe |
| **Tagairtí** | 06168/1/2021 – C9-0194/2021 – 2018/0197(COD) |
| **Dáta don chéad léamh ag an bParlaimint – P uimhir** | 27.3.2019 T8-0303/2019 |
| **Togra ón gCoimisiún** | COM(2018)0372 - C8-0227/2018 |
| **Fógra sa suí iomlánach go bhfuarthas an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh** | 7.6.2021 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | REGI<br>17.6.2020 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Andrea<br>Cozzolino<br>3.9.2019 |
| **Rapóirtéirí roimhe seo** | Andrea Cozzolino, Andrea Cozzolino |
| **Pléite sa choiste** | 15.10.2020 3.12.2020 18.12.2020 |
| **Dáta an ghlactha** | 15.6.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 42<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mathilde Androuët, Pascal Arimont, Adrian-Dragoş Benea, Isabel Benjumea Benjumea, Tom Berendsen, Erik Bergkvist, Stéphane Bijoux, Franc Bogovič, Vlad-Marius Botoş, Rosanna Conte, Andrea Cozzolino, Corina Crețu, Rosa D'Amato, Christian Doleschal, Francesca Donato, Raffaele Fitto, Chiara Gemma, Mircea-Gheorghe Hava, Krzysztof Hetman, Peter Jahr, Manolis Kefalogiannis, Ondřej Knotek, Elżbieta Kruk, Cristina Maestre Martín De Almagro, Pedro Marques, Martina Michels, Dan-Ştefan Motreanu, Andżelika Anna Możdżanowska, Niklas Nienaß, Andrey Novakov, Younous Omarjee, Alessandro Panza, Tsvetelina Penkova, Caroline Roose, André Rougé, Susana Solís Pérez, Valdemar Tomaševski, Yana Toom, Monika Vana |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Ciarán Cuffe, Isabel García Muñoz, Alin Mituța |
| **Dáta don chur síos** | 18.6.2021 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 42 | + |
|---|---|
| ECR | Raffaele Fitto, Elżbieta Kruk, Andżelika Anna Możdżanowska, Valdemar Tomaševski |
| ID | Mathilde Androuët, Rosanna Conte, Francesca Donato, Alessandro Panza, André Rougé |
| NI | Chiara Gemma |
| PPE | Pascal Arimont, Isabel Benjumea Benjumea, Tom Berendsen, Franc Bogovič, Christian Doleschal, Mircea-Gheorghe Hava, Krzysztof Hetman, Peter Jahr, Manolis Kefalogiannis, Dan-Ştefan Motreanu, Andrey Novakov |
| Renew | Stéphane Bijoux, Vlad-Marius Botoş, Ondřej Knotek, Alin Mituța, Susana Solís Pérez, Yana Toom |
| S&D | Adrian-Dragoş Benea, Erik Bergkvist, Andrea Cozzolino, Corina Crețu, Isabel García Muñoz, Cristina Maestre Martín De Almagro, Pedro Marques, Tsvetelina Penkova |
| An Chlé | Martina Michels, Younous Omarjee |
| Na Glasaigh/SCE | Ciarán Cuffe, Rosa D'Amato, Niklas Nienaß, Caroline Roose, Monika Vana |

| | - |
|---|---|
| | |

| | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh